# Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

# Tuarascáil Bhliantúil 2023

# Clár Ábhar

**1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ........ 4**

**2. Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach WWETB........ 5**

**3. Cúlra agus Rialachas ........ 6**

3.1 Acht na dTeangacha Oifigiúla ........ 11

3.2 Dualgas na hEarnála Poiblí & an Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine 11

3.3 Comhaltaí de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ........ 12

3.4 Freastal ar Chruinnithe Boird ........ 13

3.5 Coistí WWETB – 2023........ 14

3.6 Foireann Ardbhainistíochta WWETB ........ 16

**4. Forbhreathnú ar Sheirbhísí – 2023........ 17**

**5. Oideachas Bunscoile & Dara Leibhéal........ 21**

**6. Breisoideachais & Oiliúint........ 22**

**7. Cur i bhFeidhm Spriocanna Straitéiseacha – 2023 ........ 23**

# 1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Mar Chathaoirleach ar WWETB tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don bhliain 2023 a chur i láthair.

Sa bhliain 2023 forbraíodh ár Ráiteas Straitéise 2023-2027 agus ba phíosa oibre suntasach é sin. Chuamar i gcomhairle leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara seachtracha faoin Ráiteas Straitéise agus cabhróidh sé linn WWETB Garman a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Táim buíoch leis an bhfoireann go léir as a rannpháirteachas sa phíosa oibre tábhachtach seo, agus as an tacaíocht a léiríonn siad do chur i bhfeidhm na straitéise de réir mar a bhogaimid ar aghaidh.

Níl aon athrú tagtha ar fhís ná ar mhisean Phort Láirge agus Loch Garman – tá WWETB chomh tiomanta agus a bhí sé riamh don phrionsabal a chuireann an foghlaimeoir i gcroílár gach rud a dhéanaimid. Ní mór an fhoireann ar fud WWETB a mholadh as an tiomantas a léiríonn siad chun a chinntiú go bhfaigheann mic léinn agus foghlaimeoirí na deiseanna oideachais agus foghlama is fearr. Leamaimid orainn ag infheistiú chun foirgnimh agus infreastruchtúr a uasghrádú chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag ár mic léinn agus ár bhfoghlaimeoirí ar na háiseanna is fearr. Bhí áthas orainn an chéad Choláiste an Todchaí a oscailt i Loch Garman – Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman – a thugann an soláthar Breisoideachais agus Oiliúna le chéile i saoráid den scoth.

Chuaigh an tUasal Kevin Lewis ar scor ón phost a bhí aige mar Phríomhfheidhmeannach WWETB tar éis dó tiomantas agus onór a léiriú san obair a rinne sé don eagraíocht ó 2016. Míle buíochas le Kevin agus guím séan agus sonas air ar feadh i bhfad.

De réir próisis earcaíochta a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, ceapadh an Dr Karina Daly mar POF ar WWETB i mí Feabhra 2024. Cuirim fáilte roimh an gceapachán seo. Tá lánmhuinín agam go gcruthóidh Karina go sármhaith sa ról sna blianta atá romhainn.

Agus an Bord reatha ag druidim i dtreo dheireadh a thréimhse, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe agus do bhaill Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, dár bhfoireann agus do na páirtithe leasmhara go léir a d'oibrigh leis an eagraíocht sa bhliain atá caite. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo an deis dúinn féachaint siar agus ár machnamh a dhéanamh ar an méid atá bainte amach againn. Ag an am céanna áfach, táimid ag féachaint ar aghaidh agus cuirimid fáilte roimh na deiseanna a bheidh romhainn sna 12 mí atá le teacht.

Le gach dea ghuí



An Comhairleoir Barbara-Anne Murphy,
Cathaoirleach, Bord Oideachais & Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

## 2. Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Bliain iontach a bhí sa bhliain 2023 agus bliain an-tábhachtach do WWETB ar mhórán slite. Deich mbliana ó shin bunaíodh na 16 bord oideachais agus oiliúna. Bhí é oiriúnach gur oscail WWETB an chéad Choláiste an Todchaí sa tír – Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman – i mbaile Loch Garman, rud a thugann le chéile an soláthar breisoideachais ar aon láthair amháin. Beartaíodh cláir a dhaingniú i bhfoirgneamh den scoth mar chuid den chur chuige atá ag WWETB - is é sin cur chuige atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir.

Ba í 2023 an chéad bhliain freisin de Ráiteas Straitéise WWETB 2023 – 2027. D'fhaomh an Bord an straitéis i mí Bealtaine 2023 agus cuireadh tús leis an bplean le Grúpaí Stiúrtha agus Grúpaí Oibrei  dtreo dheireadh na bliana. Sa Tuarascáil Bhliantúil 2023 úsáidtear na sé sprioc straitéiseach chun tosaíochtaí agus gníomhartha a baineadh amach in 2023 a leagan amach. Is iad seo na spriocanna straitéiseacha sin:

1. Cáilíocht
2. Scoileanna agus Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna an Todchaí
3. Cumarsáid agus Margaíocht
4. Sláinte agus Folláine
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht
6. Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta / Foghlaim Dhigiteach

I mí Dheireadh Fómhair dúramar slán le Kevin Lewis, iar-Phríomhfheidhmeannach WWETB. Chuaigh Kevin isteach san eagraíocht in 2016 agus rinne sé bainistíocht ar WWETB ag am ina raibh móran rudaí ag fás agus ag athrú. Thar ceann na foirne i WWETB, agus in éineacht leis an gcathaoirleach, ba mhaith liom gach rath a ghuí ar Kevin don todchaí agus gabhaim buíochas leis as an tiomantas a léirigh sé do WWETB thar na blianta.

Leanaimid orainn luach a chur ar an gcaidreamh atá againn lenár bpáirtithe leasmhara – lena n-áirítear an fhoireann, ár mic léinn agus ár bhfoghlaimeoirí agus a dteaghlaigh, na húdaráis áitiúla/réigiúnacha, gníomhaireachtaí stáit, grúpaí ardoideachais, pobail agus deonacha, an earnáil ghnó, grúpaí óige. Is eol dúinn go go rachaidh an comhoibriú seo chun tairbhe ár mac léinn/bhfoghlaimeoirí fásta, agus bímid i gcónaí ag obair chun na caidrimh seo a fheabhsú agus a neartú.

Táimid buíoch dár bpríomh-mhaoinitheoirí, lena n-áirítear an Roinn Oideachais, SOLAS, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a d'oibrigh go dian chun a chinntiú go raibh na hacmhainní againn chun polasaí náisiúnta a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil.

Mar fhocal scoir, buíochas le Bord WWETB faoi stiúir an Chathaoirligh, an Clr Barbara-Anne Murphy agus an Leas-Chathaoirleach, an Clr Lola O'Sullivan as a gcuid tacaíochta agus as an gcomhairle a chuireann said ar fáil i gcónaí. Buíochas freisin leis na coistí go léir agus leis na Boird Bhainistíochta – ní fhéadfaimis feidhmiú gan iad – agus leis an bhfoireann Ardbhainistíochta agus leis an bhfoireann ar fad ar fud WWETB.

Le gach dea ghuí

Karina Daly

An Dr Karina Daly
Príomhfheidhmeannach, WWETB

# 3. Cúlra agus Rialachas

## Ár bhFís agus ár Misean

**Fís**

Féachann Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman leis an bhfoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus nuálach a sholáthar inár bpobal.

**Misean**

Raon leathan clár, seirbhísí agus tacaí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga agus d'aosaigh ar fud réigiún Phort Láirge agus Loch Garman.

**Is iad na croíluachanna a úsáidimid mar threoir chun ár seirbhísí a sholáthar ná:**




## Ráiteas Straitéise

Lenár Ráiteas Straitéise, ar cheadaigh Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna é i mí na Bealtaine 2018, cuireadh bonn eolais faoi phleanáil amach anseo laistigh de WWETB don tréimhse 2023-2027 agus treoraíodh an obair sin. Forbraíodh an Ráiteas Straitéise tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin a sheoladh (i gcomhar le raon leathan geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha). Áiríodh leis an bpróiseas sin Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, boird bhainistíochta, baill foirne, mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí, foghlaimeoirí aosacha, leasanna gnó agus eacnamaíocha, fostóirí, údaráis áitiúla, institiúidí tríú leibhéal agus páirtithe leasmhara eile (féach an Achoimre Feidhmiúcháin sa Phlean Straitéiseach). Léiríodh go soiléir le linn an phróisis comhairliúcháin go mbíonn baill foirne agus geallsealbhóirí ag obair i dtreo sprioc choiteann, is é sin: timpeallacht chuimsitheach thacúil a fhorbairt do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí chun cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach. Gné lárnach dár bhfís a chomhlíonadh is ea cloí le prionsabail an ionracais agus an

chomhionannais agus sinn ag obair agus ag déileáil le geallsealbhóirí. Rud bunúsach, creidimid gurb ann do chonair i dtreo foghlama do chách agus gur cheart an t-eispéireas oideachasúil a bheith ina eispéireas bunathraitheach do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí.

## Struchtúir Rialachais WWETB

### Ráiteas WWETB

Bunaíodh WWETB an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá sé freagrach agus ceanglaítear air a fheidhmeanna a stiúradh agus a rialú sna ceantair ina bhfuil feidhm ag údarás áitiúil Phort Láirge agus Loch Garman.

Comhlíonann WWETB an Chóid Chleachlais le haghaidh Rialachas na mBooanna, agus Choircláin 0001/2019 na Roinne OideachaisWWETB  Is í aidhm an chóid ná a chinntiú go gcuireann WWETB prionsabail an dea-chleachtais i bhfeidhm.
Oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna de réir ailt 12 agus 13 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, i ndáil leis na feidhmeanna forchoimeádta a gcuireann an Bord i gcrích iad agus i ndáil leis na feidhmeanna feidhmiúcháin a gcuireann an fhoireann bhainistíochta i gcrích iad.

### Feidhmeanna an Bhoird WWETB

Is feidhmeanna forchoimeádta iad na cinntí a dhéanann an Bord, atá leagtha amach in Alt 12(2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCoirclán 0002/2019 Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas na mBOOanna. Tá sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin atá le déanamh ag an bPríomhfheidhmeannach iad cinntí nach bhfuil sonraithe sa Chód. Tá an Bord sásta go dtarmligeann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna nuair is cuí agus de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina gcuirtear staid airgeadais an Bhoird in iúl le cruinneas réasúnach aon tráth agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go gcuirtear i láthair go cuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid gnóthaí an Bhoird.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh ráitis airgeadais WWETB a ullmhú a chur i bhfeidhm
(b) breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
(c) aon imeachtaí ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Le linn 2023, ghlac an Bord leis na doiciméid a leanas:

- An Tuarascáil Bhliantúil
- An Ráitis Airgeadais
- Plean Seirbhíse
- Tinreamh údaraithe de chomhaltaí ag comhdhálacha
- Talamh a fháil, a choimeád agus a dhiúscairt de réir rialuithe na Roinne Oideachais

**Bainistíocht Riosca**

Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe riosca, agus go bhfuil athbhreithniú déanta in 2023. ar cé chomh éifeachtacht is atá na bearta seo Déanann an Bord bainistíocht don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta &Riosca leis an mBord lena fheidhmeanna bainistíochta riosca.Bíonn an Bord ag brath freisin ar an Aonad Iniúchóireachta Seachtraigh agus na tuarascálacha a chuireann sé amach, ar iniúchadh bliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ar aon Iniúchad seachtrach ar nós iniúchad ESE agus/nó Iniúchad na gCoimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha.

Is mír sheasta í an Bhainistíiocht Riosca do gach cruinniú Boird agus pléitear tuarascálacha an Choiste Iniúchóirteachta agus Riosca.

Áirítear sonraí maidir leis na príomhrioscaí agus na bearta nó straitéisí chun iad a mhaolú san SIC mar chuid de na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta orthu. Foilsítear iad laistigh de haon mhí amháin ón dáta a fhaightear ó Oifig an Ardreachtaire Cuntas agus Ciste iad, agus mar aguisín i dTuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

**Córas Rialuithe Inmheánacha**

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha agus gur áiríodh sna Ráitis Airgeadais Bliantúla don bhliain dar críoch 31 Nollaig, Ráiteas um Rialú Inmheánach. Foilseofar é laistigh de haon mhí amháin ón dáta a fhaightear ó Oifig an Ardreachtaire Cuntas agus Ciste é, agus mar aguisín i dTuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh, a cuireadh faoi bhráid an Aire.

**Polasaí Soláthair agus Nósanna Imeachta**

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí le gnéithe ábhartha den Chód um Caiteachas Poiblí, agus leis an bpolasaí soláthair agus le nósanna imeachta ábhartha, agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

**Cáin:**

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon WWETB a dhualgais faoin dlí cánach.

**Ráitis Airgeadais 2023**

Ní mór an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain a chur faoi bhráid Oifig an Ardreachtiare Cuntas agus Ciste don bhliain dar críoch 31 Nollaig nuair a fhoilsítear an Tuarascáil Bhliantúil do 2023. Foilseoidh WWETB na ráitis airgeadais bliantúla chomh luath agus is féidir tar éis iad a bheith sínithe ag an Ardreachtaire.

Áirítear sonraí airgeadais maidir leis an méid a leanas sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Sonraí faoi tháillí neamhthuarastail a íocadh le comhaltaí Boird agus anailís déanta orthu de réir catagóirí táille.
- Sonraí comhiomlána maidir le cúiteamh lucht ardbhainistíochta agus anailís déanta orthu de réir na gcatagóirí a leanas lena n-áirítear cúiteamh iomlán na mbainisteoirí;
    - Tuarastail agus sochar gearrthéarmach d’fhostaithe
    - Sochar iar-fhostaíochta
    - Sochar foirceanta
- Luach saothair an phríomhphearsanrabhainistíochta más ann dó;

- Sonraí faoi líon na bhfostaithe a raibh a sochar iomlán (seachas costas pinsin an fhostóra) idir €0 agus €59,999 acu agus a tháinig faoi gach banda pá €10,00 os cionn an raoin sin; agus an figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir.

## 3.1 Acht na dTeangacha Oifigiúla

Faoi Alt 4(b)d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, ceanglaítear ar cheannasaí chomhlachta phoiblí ball foirne a cheapadh, ón ardbhainistíocht, a dhéanfaidh maoirseacht feidhmíocht agus dualgais tuairiscithe faoin Acht, agus chun a chinntiú go n-áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil achoimre ar an fheidhmíocht agus an tuairisciú sin.

Tá Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochtúil ceaptha ag WWETB mar oifigeach sinsearach ag a mbeidh freagracht maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar oibligeáidí tuairiscithe faoin Acht.

Leagtar amach san Acht roinnt riachtanas atá le comhlíonadh ag comhlachtaí poiblí. Ar fheitheamh caighdeáin teanga nua atá le foilsiú, tá feidhm fós ag na tiomantais sa Scéim Teanga is déanaí i WWETB. Ina theannta sin, tugtar isteach le hAlt 10A oibligeáid nua do chomhlachtaí poiblí maidir le fógraíocht. Tháinig na forálacha seo i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2022 a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí cinnte a dhéanamh de go mbeidh 20% ar a laghad den fhógraíocht a dhéanann an comhlacht in aon bhliain amháin trí mheán na Gaeilge, agus ní mór 5% ar a laghad den airgead a chaitear ar fhógraíocht a chaitheamh ar fhógraíocht a dhéanfar i nGaeilge. Ní mór do chomhlachtaí poiblí tuairisceáin comhlíonta a dhéanamh ar line i mí an Mhárta 2024 maidir leis an bhfógraíocht a rinneadh in 2023.

Rinne foireann Cumarsáide WWETB athbhreithniú ar nósanna imeachtaagus bhí siad i dteagmháil le scoileanna le hionaid agus le hoifigí riaracháin ar fud na heagraíochta chun cinnte a dhéanamh de go gcomhlíontar na riachtanas nua faoi Alt 10A. Ag deireadh 2023, tá WWETB den tuairim go bhfuil sé ag comhlíonadh an riachtanais gur chóir 5% den airgead a chaitear ar fhógraíocht a chaitheamh ar fhógraíocht as Gaeilge. Tá ár ndícheall á dhéanamh againn chun a chinntiú go gcomhlíonaimid go hiomlán an riachtanas go mbeidh 20% den fhógraíocht i nGaeilge.

## 3.2 Dualgas na hEarnála Poiblí & an Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Tá freagracht faoin dlí ag gach comhlacht poiblí in Éirinn an comhionnas a chur chun cinn, leithcheal a sheachaint agus cearta daonna na bhfostaithe, na gcustaiméirí, na n-úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a bhfuil tionchar ag na seirbhísí, na beartais agus na pleananna orthu, a chosaint. Eascraíonn *Dualgas na hEarnála Poiblí & an Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine as* Alt 42 den <u>Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.</u> Agus cuireann sé oibleagáid reachtúil ar WWETB béim a leagan ar chearta an duine agus comhionnanas ar fud na heagraíochta. Éilíonn sé go gcuirtear san áireamh na nithe seo maidir le príomhfheidhmeanna WWETB, lena n-áirítear beartas agus pleananna a fhorbairt mar aon le nósanna imeachta cinnteoireachta, soláthar, tacaíocht foirne, seirbhísí a sheachadadh agus feabhas a chur ar thorthaí dár n-úsáideoirí seirbhísí.. Ullmhaíodh tuarascáil don fhoireanna Ardbhainistíocht i WWETB tar éis taighde a dhéanamh agus tréimhse chomhairliúcháin. Tugadh achoimre inti ar roinnt gníomhartha agus tá an fhoireann Ardbhainistíochta tar éis tús a chur lena iad a chur i bhfeidhm.

## 3.3 Comhaltaí de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

**Comhaltaí de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman**

**Comhaltaí ar thogh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad**

An Clr. Lola O'Sullivan [Leas-chathaoirleach]
An Clr. Frank Quinlan
An Clr. Cristíona Kiely *(go dtí Meitheamh 2023)*
An Clr. Joeanne Bailey *(ó Mheán Fómhair 2023)*
An Clr. Pat Nugent
An Clr. Tom Cronin

**Comhaltaí ar thogh Comhairle Contae Loch Garman iad**

An Clr. Barbara-Anne Murphy [Cathaoirleach]
An Clr. Kathleen Codd-Nolan
An Clr. Mary Farrell
An Clr. Fionntán Ó'Súilleabháin
An Clr. Aidan Browne
An Clr. Leonard Kelly *(go dtí Samhain 2023)*
An Clr. Garry Laffan

**Baill foirne Members**

Sandra Fogarty Uas.
An tUas Richard Byrnes

**Tuismitheoirí ar an mBord**

*Le líonadh*
*Le lionadh*

**Ainmnithe ó Chomhlachtaí Sonraithe**

| | |
|---|---|
| Mary Ryan Uas. | ACCS/JMB AMCSS/NAPD |
| An tUas Pat Rath | Cónaidhm na hÉireann um Míchumas - AHEAD |
| An tUas Senan Lillis | ICTU |
| Kate Miskella Uas. | ICTU |
| Margaret Darrer Uas. | Cónaidhm na Óstán in Éirinn |

## 3.4 Freastal ar Chruinnithe Boird

| **Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Bhoird - 2023** | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Cruinnithe a reáchtáladh/ar ar Freastalaíodh** | | | | | | | | **Líon iomlán na gcruinnithe ag a rabhthas i láthair** |
| **Comhalta Boird** | 10.01.23 | 28.02.23 | 28.03.23 | 09.05.23 | 27.06.23 | 26.09.23 | 14.11.23 | | |
| An Clr. Kathleen Codd-Nolan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/7 |
| An Clr. Mary Farrell | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | x | ✓ | | 4/7 |
| An Clr. Barbara Anne Murphy | x | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | | 5/7 |
| An Clr. Pat Nugent | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/7 |
| An Clr. Fionntán O'Súilleabháin | x | ✓ | x | ✓ | x | x | ✓ | | 3/7 |
| An Clr. Lola O'Sullivan | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | x | ✓ | | 5/7 |
| Ms. Mary Ryan | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | | 5/7 |
| An Clr. Aidan Browne | x | ✓ | ✓ | x | ✓ | x | x | | 3/7 |
| Mr. Richard Byrnes | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/7 |
| Ms. Sandra Fogarty | x | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | x | | 3/7 |
| An Clr. Leonard Kelly | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | | 6/7 |
| An Clr. Gary Laffan | x | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | x | | 4/7 |
| Mr. Senan Lillis | ✓ | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | | 5/7 |
| Ms. Kate Miskella | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 6/7 |
| Mr. Pat Rath | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | | 6/7 |
| An Clr. Frank Quinlan | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | ✓ | x | | 4/7 |
| Ms. Margaret Darrer | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | x | ✓ | | 5/7 |
| An Clr. Tom Cronin | ✓ | x | x | ✓ | x | ✓ | x | | 3/7 |
| An Clr. Cristiona Kiely | x | x | x | x | ✓ | - | - | | 1/5 |
| An Clr. Joeanne Bailey | ----- | ----- | ----- | ----- | ----- | ✓ | x | | 1/2 |

✓ *i láthair* ----- *ní raibh an duine sin ar an mbord ag an am sin*
*x as láthair/leithscéal tugtha*

# 3.5 Coistí WWETB – 2023

## Comhaltas an Choiste Airgeadais

| | |
|---|---|
| An tUas. Michael Veale (Cathaoirleach) | Comhalta seachtrach |
| An tUas. Denis McCarthy | Comhalta seachtrach |
| An tUas. David Doyle | Comhalta seachtrach |
| An tUas. John Murphy | Comhalta seachtrach |
| Anita Power Uas | Comhalta seachtrach |
| Lynda Lacey Uas | Comhalta seachtrach |
| An Clr. Pat Nugent | Comhalta BOO |

**Clár maidir le Freastal ar Chruinnithe an Choiste Airgeadais agus maidir le Minicíocht na gCruinnithe**

| Comhalta Coiste | Cruinnithe a Tionóladh/ar Freastalaíodh Orthu | | | | | Líon Iomlán Cruinnithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 15.02.23 | 22.03.23 | 24.05.23 | 27.09.23 | 14.12.23 | |
| *Comhaltaí Seachtracha den Choiste: :* | | | | | | |
| An tUas. Michael Veale (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An tUas. Denis McCarthy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An tUas. David Doyle | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An tUas. John Murphy | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | 4/5 |
| Anita Power Uas | x | ✓ | ✓ | x | ✓ | 3/5 |
| Lynda Lacey Uas | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| *Baill den Choiste Oidechais & Oiliúna :* | | | | | | |
| An Clr. Pat Nugent | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | 4/5 |

✓ *i láthair*
*x as láthair/leithscéal tugtha*

## Baill an Choiste Iniúchóireachta & Riosca

| | |
|---|---|
| An Clr. Jim Moore (Cathaoirleach) | Comhalta seachtrach |
| Mr. Michael J O'Ryan | Comhalta seachtrach |
| Mr. John Cuddihy | Comhalta seachtrach |
| Ms. Susan Green | Comhalta seachtrach |
| An Clr. Kathleen Codd-Nolan | Comhalta BOO |
| An Clr. Lola O'Sullivan | Comhalta BOO |

**Clár maidir le Freastal ar Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus maidir le Minicíocht na gCruinnithe**

| Comhalta Coiste | | Cruinnithe a Tionóladh/ar Freastalaíodh Orthu | | | | Líon Iomlán Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 15.02.23 | 22.03.23 | 07.06.23 | 20.09.23 | 22.11.23 | |
| *Comhaltaí Coiste Seachtrachas:* | | | | | | |
| An Clr. Jim Moore (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An tUas. Michael J O'Ryan | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | 4/5 |
| An tUas. John Cuddihy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| Susan Green Uas | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| *Comhaltaí den Choiste is comhaltaí den BOO:* | | | | | | |
| An Clr. Kathleen Codd-Nolan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | 4/5 |
| An Clr. Lola O'Sullivan | ✓ | x | x | x | x | 1/5 |

✓ *i láthair*
*x as láthair/leithscéal*

## Comhaltas de Choistí WWETB eile

### Coiste Ógtheagmhála

An Clr Pat Nugent (Cathaoirleach)
An Clr Aidan Browne
An tUas Brian Mulvihill
Ionadaí Tuismitheora, le líonadh (baineann)
Kate Miskella Uas
An tUas Michael Wall
Ann Ryan Uas
An tUas Brian Owens
An Clr Frank Quinlan

### An Coiste Obair Óige

An Clr Aidan Browne
An Clr Pat Nugent
Alison Parle Uas.
An tUas Ollie Breslin
Majella Finnegan Uas.
Sarah Dunleavy Uas.
Margaret Collins Uas. (ó Mheitheamh 2023)
An Clr Garry Laffan
Julie Somers Uas. (go dtí Meitheamh 2023)
Sheila Barrett Uas.
An tUas Kieran Donohoe
An tUas Conor Carberry
Megan Keating Uas.
Eilis Maher Uas.
Mara Matuit Uas. (go dtí M. Fómhair 2023)

### Coistí Limistéir WWETB

*Tacaíonn comhaltaí dne fhoireann feidhmiúcháin leis na trí Choiste Limistéir an BOO:*

Ionadaí don Fhoireann Ardbhainistíochta
Príomhoidí Iar-bhunscoileanna
Ionadaithe don Bhreisoideachais & Oiliúint
Ionadaí do Sheirbhísí Óige

### Coiste Limistéir Chathair agus Contae Phort Láirge

An Clr Lola O'Sullivan
An Clr Frank Quinlan
Sandra Fogarty Uas.
Margaret Darrer Uas.
An Clr Pat Nugent
Mary Ryan Uas.
An Clr Tom Cronin
An Clr Cristiona Kiely *(go dtí Meitheamh 2023)*
An Clr Joeanne Bailey *(ó M. Fómhair 2023)*

### Coiste Limistéir Loch Garman Thuaidh

An Clr Mary Farrell
An Clr Kathleen Codd-Nolan
An Clr Aidan Browne
An tUas Pat Rath
An Clr Barbara-Anne Murphy
An Clr Fionntán Ó'Súilleabháin
An tUas Senan Lillis

### Coiste Limistéir Loch Garman Theas

An Clr Garry Laffan
An tUas Richard Byrnes
Kate Miskella Uas.
An Clr Leonard Kelly (*go dtí Samhain 2023)*


## 3.6 Foireann Ardbhainistíoichta WWETB

| | |
|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | Kevin Lewis *(ar scor Deireadh Fómhair 2023)* |
| Príomhfheidhmeannach (gníomhach) | An Dr Karina Daly *(ó D. Fómhairr 2023)* |
| Stiúrthóir Tacaíocht Eagraíochta agus Forbartha | An Dr Karina Daly *(go dtí D. Fómhair 2023)* |
| Stiúrthóir Scoileanna | Eimear Ryan |
| Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | Lindsay Malone |
| Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna ( gníomhach ) | Alan O'Gorman (go dtí *24.04.2023)* |
| Bainisteoir Nuálaíochta agus Forbartha | Michael O'Brien |
| Bainisteoir Acmhainní Daonna (Cultúr agus Rannpháirteachas) | Anne-Marie Jones |
| Bainisteoir Acmhainní Daonna (Oibríochtaí) | Sandra Murphy |
| Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha | Fintan O'Reilly |
| Bainisteoir Airgeadais | Owen O'Mahony |

## 4. Forbhreathnú ar Sheirbhísí – 2023



## Suíomh na nIonad laistigh de WWETB




## Ionaid WWETB 2023

### Pobalscoil Náisiúnta

Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, Loch Garman

**Iar-Bhunoideachas agus Oideachas Iar-Ardteistiméireachta**

Coláiste Bhaile an Droichid, Co. Loch Garman
Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Co. Loch Garman
Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí, Co Loch Garman
Coláiste an Átha, Maigh Arnaí, Co. Loch Garman (Iar-Ardteistiméireacht san áireamh)
Coláiste Creagh, Guaire, Co. Loch Garman
Coláiste Dhún Garbhán (Iar-Ardteistiméireacht san áireamh)
Coláiste Pobail Inis Córthaidh, Co. Loch Garman (Iar-Ardteistiméireacht san áireamh)
Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman
Meánscoil San Nioclás
Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman (Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge
Coláiste Pobail Naomh Pól, Port Láirge
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge * Iar-Ardteistiméireacht Amháin*

## Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Port Láirge
Cúirt Durands, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Loch Garman
An tSaotharlann Déantúsaíochta, Inis Córthaidh, Loch Garman
An tSaotharlann Déantúsaíochta, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
An Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Port Láirge
Ionad Oideachais Aosach Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
(lonnaithe i mBunscoil N. Mícheál) Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Port Láirge
Loch Garman (Breisoideachas agus Oiliúint, Oideachas Aosach)
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Mhuilinn Bháin, Loch Garman

## Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Loch Garman

## Ionaid Oiliúna

Ionad Oiliúna Chill Chuacháin
Ionad Oiliúna Phort Láirge
Ionad Oiliúna Loch Garman

## Oideachas agus Oiliúint Allamuigh

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, Loch Garman

## Ionaid Ógtheagmhála

Ionad Ógtheagmhála Dhún Garbhán, Port Láirge
Ionad Ógtheagmhála Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Ghuaire, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Subla, Cathair Phort Láirge
Ionad Ógtheagmhála Trá Mhór
Ionad Ógtheagmhála Phort Láirge
Ionad Ógtheagmhála Loch Garman

## Oifigí Riaracháin

Ard Chaomháin, Loch Garman
Dún Garbhán, Port Láirge
Ionad Oiliúna Phort Láirge

## Pobalscoileanna (a bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna mar chomhphátrún orthu)

Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór, Port Láirge
Pobalscoil Ghuaire, Loch Garman
Pobalscoil na Gráinsí, Loch Garman

* Is féidir go n-áireofar le hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna cláir de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir Litearthachta Aosach, cláir Oideachais Pobail agus cláir do Dhídeanaithe/Iarrthóirí tearmainn. Cuireann WWETB oideachas bunleibhéil ar fáil freisin tríd an Ionad EROC i gCluain Aodha, Port Láirge.

## 5. Oideachas Bunscoile & Dara Leibhéal

| **Ainm Scoile** | **Rolluithe amhail an 30/09/2023** |
|---|---|
| Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach | 40 |

| **Ainm Scoile** | **Rolluithe amhail an 30/09/2023** | |
|---|---|---|
| | **Dara Leibhéal Level** | **Iar-Ardteistiméireacht** |
| Coláiste Bhaile an Droichid | 638 | 0 |
| Gairmcholáiste Bhun Clóidí | 284 | 0 |
| Coláiste Abbáin | 435 | 0 |
| Coláiste an Átha, Cill Mhucraise | 367 | 48 |
| Coláiste Creagh | 1049 | 0 |
| Coláiste Dhún Garbhán | 242 | 186 |
| Coláiste Pobail Inis Córthaidh | 420 | 165 |
| Coláiste Uí Chinnéide | 202 | 0 |
| Meánscoil San Nioclás | 156 | 0 |
| Coláiste Sheilsceire | 391 | 70 |
| Coláiste Pobail Naomh Déaglán | 855 | 0 |
| Coláiste Pobail Naomh Pól | 729 | 0 |
| Coláiste Breisoideachais Phort Láirge | 0 | 652 |
| **Iomlán na Rolluithe Coláiste** | **5,768** | **1,121** |


2023 Ranganna Oíche

| **Iomlán na Mac Léinn Oíche** | **Cúrsaí** | **Mic Léinn** |
|---|---|---|
| WCFE – Earrach 2023 | 10 | 128 |
| WCFE – Fómhair 2023 | 14 | 172 |
| Dún Garbhán – Fómhair 2023 | 5 | 119 |
| Cill Mhucraise – Earrach 2023 | 1 | 47 |
| Cill Mhucraise – Fómhair 2023 | 2 | 80 |
| | **32** | **546** |

## 6. Breisoideachas & Oiliúint

| **Soláthar Clár Breisoideachais agus Oiliúna – Toradh sa bhliain 2023** | | |
|---|---|---|
| **Cláir** | **Iomlán na gCúrsaí** | **Foghlaimeoirí** |
| **Oideachas Pobail** | | |
| Oideachas Pobail | **588** | **5439** |
| **Cláir Lánaimseartha** | | |
| Oiliúint Phrintíseachta | 108 | 1569 |
| Oiliúint Chumaisc | 2 | 8 |
| Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna | 9 | 74 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 22 | 237 |
| Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna | 26 | 324 |
| Iar-Ardteistiméireacht | 163 | 2128 |
| Soláthraithe Sainoiliúna | 9 | 143 |
| Oiliúint Scileanna Sonracha | 79 | 719 |
| Cúrsaí Oiliúna | 14 | 164 |
| An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) | 60 | 629 |
| Ógtheagmháil | 44 | 629 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn (Bealach 1) | 154 | 1002 |
| **Iomlán na gClár Lánaimseartha** | **690** | **7626** |
| **Cláir Lánaimseartha** | | |
| Litearthacht d'Aosaigh (Tacaíocht Phrintíseachta) | 166 | 914 |
| Grúpaí Litearthachta Aosach | 422 | 3249 |
| Grúpaí an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) | 322 | 2494 |
| Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) | 513 | 5590 |
| Oiliúint Oíche | 138 | 1246 |
| Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna | 4 | 167 |
| Athshocrú Teifeach | 6 | 88 |
| Scileanna don Obair | 36 | 309 |
| Scileanna chun Dul chun Cinn | 25 | 234 |
| **Iomlán na gClár Páirtaimseartha** | **1,632** | **14,291** |
| **Iomlán: Na cláir uile** | **2,910** | **27,356** |

## 7. Cur i bhFeidhm Spriocanna Straitéiseacha – 2023




**Spriocanna Straitéiseacha WWETB**

## Cur i bhFeidhm 2023

Sainaithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas faoi bhun théarmaí an Chomhaontaithe Soláthar Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus WWETB. Tá na gníomhartha sonracha atá le déanamh chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach agus na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le comhlíonadh mar a leanas:

| **Sprioc 1 – Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú** | | |
|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Torthaí 2023** |
| Eispéireas dearfach foghlama a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | Leanfar leis an gClár MagentaContinuation of the Prionsabail Magenta Príomhchleachtóirí sna scoileanna.<br>Tuilleadh forbartha ar fhoirne Teagaisc&Foghlama i ngach scoile.<br>Tuilleadh forbartha ar 14 Pobail Chleachtais trascholáiste le haghaidh ábhair faoi leith.<br>Laistigh de na gníomhaíochtaí do gach Pobal Cleachtais, beidh comhoibriú leis an bhfoireann um Fhoghlaim Dhigiteach. | Ainmníodh múinteoirí nach bhfuil taithí acu ar na Prionsabail Magenta (ó 8 scoil) chun freastal ar cheardlanna ar an láthair agus chun caidrimh a bhunú le comhghleacaithe. Reáchtáladh imeacht eile do leasphríomhoidí ionas go mbeidh ar chumas ar cheannairí scoile sinsearacha tacú le cleachtas múinteoirí. Thacaigh trí scoil le múinteoirí páirt a ghlacadh i seisiúin ar líne a d'eagraigh Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leasphríomhoidí.<br>Leanann na pobail chleachtais seanbhunaithe orthu ag feidhmiú ag leibhéil éagsúla. Le linn 2023, cuireadh an bhéim ar an Treoir, ar an Oideachas Speisialta agus ar an gCeol de bharr tosaíoichtaí náisiúnta agus áitiúla ar nó léarscáiliú soláthair agus ceolchoirm coimhoibritheach a eagraíodh. Chuir Treoirchomhairleoirí tús le comhoibriú ar bheartas comhroinnte agus ar theimpléid phleanála.<br>Ghlac Pobal Cleachtais SENCO (40 múinteoir) páirt i gceardlann ar Phleananna chun Tacú le Mic Léinn. |
| | An Líonra um Fhoghlaim agus Measúnú Breisoideachais agus Oiliúna i bhfeidhm agus cruinnithe pleanáilte do 2023. | Bunaíodh an Líonra um Fhoghlaim agus Measúnú Breisoideachais agus Oiliúna in 2023 agus reáchtáladh sé chruinniú. |
| | Dul chun cinn déanta ar thionscadail foirgneamh scoile de réir próiseas agus amlínte leagtha amach ag an Roinn Oideachais do Choláiste Bhaile an Droichid, Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Coláiste Dhún | Rannphháirteachas leanúnach leis an Roinn Oideachais m.l. gach tionscadal infreastruchtúir ainmnithe chun dul chun cinn a dhéanamh ar na céimeanna éagsúla. |

| | | |
|---|---|---|
| | Garbhán agus Meánscoil San Nioclás.<br>Cead a bheith faighte do Phobalscoil N. Deaglán, scoil 1000 dalta.<br>Deireadh a chur le tionscadail Cóiríocht Shealadach do Choláiste Abbáin, Coláiste Seilsceire agus Pobalcholáiste N. Pól.<br>Dul chun a bheith déanta ar an scoil 1000 dalta atá ceadaithe cheana féin a bheidh ann in ionad Coláiste Seilsceire<br>Aighneachtaí a le cur faoi bhráid SOLAS/DFHERIS maidir le Trá Mhór, Foirgneamh Ardfheidhmíochta in Inis Córthaidh agus Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna in nGuaire. | Cóiríocht bhreise do hColáiste Abbáin agus Coláiste Seilsceire oscailte ag tús na bliana scoile 2023/24.<br>Táthar ag súil go mbeidh an foirgneamh modúlach i gColáiste Pobail N. Pól réidh lena é a úsáid go luath in 2024. Cóiríocht mhodúlach ceadaithe do CP N. Deaglán agus dul chun déanta air le linn 2023 i ndiaidh comhairliúcháin agus próisis dearaidh fhada. Ceapadh foireann dearaidh don scoil nua le haghaidh Coláiste Seilsceire agus cuireadh tús leis an obair.<br>Aighneachtaí breise curtha isteach do Choláiste Uí Chinnéide, Coláiste an Átha, Coláiste Abbáin.<br>Comhairliúchán ar siúl leis an Roinn Oideachais.<br><br>Cead Céim 2a faighte ag Coláiste Bhaile an Droichid.<br>Mar an gcéanna le Gairmcholáiste Bhun Clóidí.<br>Tá Coláiste Dhún Garbhán ag lorg cead anois le haghaidh céim 2b. |
| Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha | Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais – teimpléid chomhroinnte le forbairt do Phleananna Tacaíochta Mac Léinn.<br>Ionchur leanúnach ón bhFoireanna um Fhoghlaim Dhigiteach m.l. huirlisí inrochtaineachta i MS Suite.<br>Tuilleadh forbartha ghairmiúil leanúnach/ oiliúna ar scagthástáil agus tástáil dhiagnóiseach.<br>Céim 2 den tionscnamh soláthar BOOÉ a mhapáil le leathadh amach sna scoileanna atá fágtha.<br>Tuilleadh forbartha le déanamh ar an nGrúpa Píolótach Cóitseála<br>Leanfar leis an gcomhoibriú leis an | Téimpléid chomhroinnte forbartha agus á n-úsáid i scoileanna.<br><br><br>Lean an fhoireann um Fhoghlaim Dhigiteach ag obair ar inrochtaineacht.<br><br><br>Tacaíocht idir phiaraí laistigh de choláistí agus thar coláistí ó SENCO ag amanna tábhachtacha sa bhliain nuair a bhíonn gá le tástálacha diagnóiseacha faoi leith.<br><br>I Meán Fómhair 2023 chuaigh 10 Iarbhunscoil de chuid WWETB isteach den chéad uair sa dara timthriall den Soláthar a Mhapáil. Bhí 2 scoil sa tionscnamh píolótach agus tá siad fós ag déanamh athbhreithnithe agus measúnaithe ar a gcuid soláthair féin. Dhear an Comhordaitheoir Oideachais agus an Dr Johanna Fitzgerald ceardlanna agus reáchtáladh iad chun |

| | | |
|---|---|---|
| | bhFoireann um Fhoghlaim Dhigiteach chun uirlisí inrochtaineachta a neadú laistigh denár bPobail Chleachtais, mar a iarradh orainn.<br><br>Tuilleadh forbartha agus fáis ar an bPobal Cleachtais do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise.<br>Tabharfaidh an tOifigeach um Rochtain agus Ionchuimsithe tacaíocht do bhainisteoirí maidir le tacaíochtaí seasta a fhorbairt ar fud an Bhreisoideachais. | tacú le scoileanna atá sa chéim phíolótach agus le scoileanna eile. |
| A chinntiú go bhfuil na bearta uile um chumhdach leanaí i bhfeidhm, de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | Athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumdach leanaí; measúnú riosca déanta maidir leis sin.<br>Cigireachtaí um chumdach leanaí – cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas i scoileanna.<br>Oiliúint um Chumhdach Leanaí maidir le Tuairisciú déanta ag príomhoidí scoile. | Tugadh an t-eolas is déanaí do cheannairí scoile ar nósanna imeachta m.l. cumhdach leanaí i Lúnasa 2023. Meabhraíodh dóibh go mba chóir é sin a dhéanamh go bliantúil.<br>Cigireachtaí um chumhdach leanaí déanta agus oiliúint tugtha do na Boird Bhainistíochta. |
| | **Sprioc 2 – Cláir Chosanta** | |
| Cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta | Comhordaitheoir REALT agus duine tacaíochta le hearcú. | Comhordaitheoir REALT agus duine tacaíochta earcaithe.<br><br>Foireann Oideachais agus Teanga Réigiúnach i bhfeidhm i WWETB – thosaigh an comhordaitheoir nua i mí Lúnasa 2023. Thug an fhoireann seo Comhairle agus tacaíocht leanúnach, de réir mar a bhí gá leis, do theaghlaigh áirithe agus bhíodar is dteagmháil le gníomhaireachtaí áitiúla agus réigiúnacha maidir leis seo. |
| | **Sprioc 3 - Rialachas** | |
| Rátaí freastail ar chruinnithe boird | Béim a chur an athuair ar an tábhacht a bhaineann le bheith | Córam bainte amach do gach cruinniú Boird de chuid WWETB. |

| | | |
|---|---|---|
| | i láthair ag gach cruinniú Boird de réir Chóid Chleachtais le haghaidh Rialachas mBOOanna. | |
| Féinmheasúnuithe Boird | Ceistneoir féinmheasúnaithe le déanamh, ag baint úsáide as an gceistneoir atá sa Chód Cleachtais, chun réimsí a shainaithint a d'fhéadfaí feabhas a chur orthu. | Ceistneoirí féinmheasúnaithe déanta. |
| Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais | Déanfaidh an bord ceapacháin chuig coistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Roghnófar comhaltaí seachtracha de choistí chun na scileanna agus an taithí iniúchóireachta agus airgeadais a theastaíonn a chur leis an ról. | Daoine ó lasmuigh ag obair sna Fochoistí Airgeadais agus Iniúchóireachta a bhfuil an saineolas cuí acu don ról. |
| Breithmheas an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Ba chóir don chathaoirleach ar an dá choiste a chinntiú go gcuitear cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích go bliantúil mar a éilítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh rialachas na mBOOanna | Tuarascálacha curtha ar fáil don Bhord go rialta ag an gCoiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Cruinnithe idir chathaoirligh na gCoistí agus Cathaoirleach an Bhoird chun saincheisteanna a thagann chun cinn a phlé. D'fhreastais Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar chuirnniú Boird chun tuarascáil ó bhéil a thabhairt in 2023. |
| Féinmheasúnú na gCoistí Airgeadais, agus Iniúchóireachta agus Riosca | Cleachtadh féinmheasúnaithe le curtha i gcrích gach bliain ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca mar a éilítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas na mBOOanna. | Cleachtaí féinmheasúnaithe déanta ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. |
| Forbairt Foirne | Bainisteoir Airgeadais le ceapadh mar bhainisteoir airgeadais don fhoireann Airgeadais.<br>Déanfar anailís ar riachtanais oiliúna sa bhainistíocht airgeadais go bliantúil.<br>Clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais le forbairt agus le cur i bhfeidhm.<br>Déanfaidh 4 ball foirne d'fhoireann ardbhainistíochta WWETB cúrsaí Gaelchultúr Leibhéil 4-6, agus ansin cuirfear | Clár oiliúna i bhfeidhm don fhoireann Airgeadais.<br>Tacaíóchtaí airgeadais ar fáil don fhoireann chun cúrsaí a dhéanamh trí Ghaeilge. |

| | | |
|---|---|---|
| | an cúrsa seo ar fáil do bhaill foirne breise.<br>Leanfaidh WWETB le tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí i Meánscoil San Nioclás le cúrsaí a bhaineann le hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge.<br>Leathnófar amach an clár do Cheannairí Scoile Sinsearacha. | Leathnaíodh an Clár do Cheannairí Scoile Sinsearacha amach in 2023 do mheáncheannairí scoile. D'fhreastail siad ar sheimineár aon lae a raibh mar sprioc air go ndéanfaidís machnamh ar an ról atá acu mar cheannairí ina scoil féin, agus ar an bhforbairt ghairmiúil atá riachtanach don ról sin.Bhí na ceannairí sinsearacha i láthair ar 2 lá in 2023 – ceann amháin san earrach agus an dara ceann i mí Lúnasa. Ghlac gach scoil páirt. |
| Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne | Cloítear le Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne | Cloíodh le Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne |
| Beartas Bainistíochta Riosca | Próisead deartha chun rioscaí a shainaithint agus chun dul i ngleic leo maidir le spriocanna a bhaint amach. Faigheann an Bord tacaíocht ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir leis seo. | Polasaí agus próiseas Bainistíoichta Riosca i bhfeidhm do WWETB. |
| Rialuithe Inmheánacha | Gheobhaidh an Bord dearbhú leordhóthanach á rá go mbíonn rialuithe sonraithe á n-oibriú mar atá beartaithe. | Ráiteas ar Rialuithe Inmheánacha le bheith curtha i gcrích go bliantúil. Gach bainisteoir i WWETB bainteach san athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha in 2023. |

Chomh maith leis na spriocanna agus tosaíochtaí a comhaontaíodh go náisiúnta, cuireadh tús leis na tosaíochtaí straitéiseacha faoi leith a leanas do WWETB nó seachadaíodh iad le linn 2023 chun dul chun cinn an Ráitis Straitéise foriomlán a chinntiú.

*Nóta: Tagraíonn na huimhreacha thíos don ghníomh straitéiseach gaolmhar sa Ráiteas Straitéise 2023-2027. Níl na huimhreacha in ord croineolaíoch i ngach cás.

# Sprioc Straitéiseach 1

# Cáilíocht

Tá cáil bunaithe ar cháilíocht an oideachais agus oiliúna a chuireann sé ar fáil. Táimid ag déanamh iarrachta cur leis an gcáil sin trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil an cháilíocht neadaithe i ngach rud a dhéanaimid – múinteoireacht, oiliúint, earcaíocht foirne, córais thacaíochta agus seirbhís do chustaiméirí.

### 1.1 Tosaíocht Straitéiseach: Struchtúr agus Rialachas (lena n-áirítear seirbhísí eagrúcháin)

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 1.1.5 | Caidrimh chriticiúla agus naisc a fhorbairt le ranna raitas ábhartha, le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile; measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcaidreamh seo, go háirithe le comhlachtaí tionscail. | Lean WWETB le caidrimh chriticiúla a fhorbairt le páirtithe leasmhara agus bhí ionadaíocht do WWETB ar Choistí Forbartha Pobail Áitiúla Phort Láirge agus Loch Garman; Fóram Réigiúnach Scileanna an Oirdheiscirt; Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga; Líonra Seirbhísí do Theaghlaigh agus Leanaí; Grúpa Straitéise Ionchuimsitheachta BOOÉ; Grúpa Straitéise Cáilíochta BOOÉ; Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Phort Láirge; Comhpháirtíocht Ceannaireachta Phort Láirge.<br><br>Caidreamh le Comhpháirtíocht Cleachtaí Aisiríocha Loch Garman; Líonra Seirbhísí do Theaghlaigh agus Leanaí; an Grúpa Stiúrtha Elevate; Mapáil Soláthair BOOÉ/Tascghrúpa Ionchuimsitheachta agus REALT. |
| 1.1.6 | Cur chuige córasach maidir le Bainistíocht Riosca agus Rialú Inmheánach – ar fud gach réimse agus leibhéal den eagraíocht. Áirítear leis seo measúnú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí féideartha (e.g. conraitheoirí, soláthróirí tríú páirtí agus SLA agus comhaontuithe a chur i bhfeidhm le gach páirtí leasmhar. | Polasaí agus nós imeachta don bhainistíocht riosca i bhfeidhm. Córas chun rialuithe inmheánacha a bhainistiú. Baint ag gach bainisteoir ar fud WWETB le hathbhreithniú ar rialuithe inmheánacha in 2023. |
| 1.1.9 | Cur le rannpháirtíocht agus guth an fhoghlaimeora ar fud struchtúir rialachais BOO Phort láirge agus Loch Garman. | Bunaíodh an Chomhairle Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna in 2023. Tionóladh an Fóram d’fhoghlaimeoirí i mBealtaine 2023. Ghlac 126 foghlaimeoir |

| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí in 2023** |
|---|---|---|
| | | páirt i ngrúpaí fócais agus ghlac 72 forghlaimeoir sa suirbhé ar líne. Ainmníodh WWETB le haghaidh dhá Dámhachtain Réalta Aontas in 2023. Aithníonn na dámhachtainí an sárobair san oideachas d'aosaigh agus tugtar an deis aird a tharraingt ar an obair seo, agus aitheantas náisiúnta a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, don fhoireann agus do chomhlachtaí eagraíochta. |
| 1.1.19 | Caighdeáin don Ghaeilge a chur i bhfeidhm ar fud WWETB trí chláir agus fhorbairt agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann. | Córas i bhfeidhm chun oibligeáidí a bhainistiú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, go háirithe mar a bhaineann sé le fógraíocht. |
| 1.1.20 | Córais airgeadais a dhaingniú agus próisis a uathoibriú chun feabhas a chur ar bhainistíocht airgeadais, ar bhuiséadú agus ar thuairisciú. | An córas SUN a chur i bhfeidhm don bhainistíocht airgeafaid. |
| 1.1.21 | Múnla seachadta do sheirbhísí comhroinnte a sheachadadh agus a chothabháil maidir le párolla don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí i gcomhar leis na foirne Seirbhísí Comhroinnte Gnó de chuid na Roinne Oideachais. | Cur i bhfeidhm rathúil de Sheirbhísí Comhroinnte párolla de chuid na Roinne Oideachais. |
| 1.1.22 | Comhoibriú le Seirbhís Comhroinnt Gnó sa Roinn Oideachais chun cuidiú le agus pleanáil a dhéanamh maidir le múnla seirbhisí comhroinnte a sheachadadh amach anseo le haghaidh oibríochtaí airgeadais. | Bhí POF WWETB ina chathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais – Seirbhísí Comhroinnte. |
| 1.1.23 | Cur le hacmhainn agus an úsaid a bhaintear as tuairisciú deaise airgeadais chun faisnéis cothrom le dáta a thabhairt don ardbhainistíocht agus chun cuidiú le cinnteoireacht. | Tuairisciú deaise airgeadais ar fáil don ardbhainistíocht. |
| 1.1.24 | Buiséadú láraithe a chur i bhfeidhm don Bhreisoideachas agus Oiliúna atá ailínithe do riachtanais an samhla maoinithe nua SOLAS chun acmhainní leordhóthanacha a sholáthar do chlair, freetail ar riachtanais foghlaimeoirí, agus buiséadúagus tuairisciú feabhsaithe a sholáthar don Bhreisoideachas agus Oiliúint. | Bhí WWETB i dteagmháil le SOLAS le linn 2023 chun ullmhú don bhuiséadú láraithe seo. Freastalaíodh ar sheisiúin eolais faoin samhail nua; cuireadh tairiscint airgeadais 2024 faoi bhráid SOLAS ag baint úsáide as an teimpléad nua; beidh sé ag feidhmiú in 2024. |
| 1.1.28 | Eiteas Scoileanna WWETB a chur chun cinn ar fud na scoileanna go léir. . | Tá Foireann Ceannaireachta Éitis ag gach scoil. Tacaíonn Comhordaitheoir Éitis WWETB leo agus tugann BOOÉ treoir don |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| | | chomhordaitheoir. Bhí scoileanna bainteach i bpróiseas féinmheasúnaithe bunaithe ar chreat an phátrúin chun réimsí a shainaithint a d'fhéadfaí a fheabhsú maidir le héiteas. Is é Coláiste Seilsceire an scoil píolótach i WWETB do churaclam an phátrúin, rud a tugadh isteach i Meán Fómhair 2023. Táthar ag súil go n-áireofar é seo sa churaclam i ngach WWETB ar bhonn chéimnithe. |
| 1.1.29 | STEAM/STEM a chur chun cinn ar fud ár scoileanna – ár ndícheall a dhéanamh chun cur le rannpháirteachas iontu. | Spreadadh scoileann ar fud WWETB páirt a ghlacadh sna seachtainí innealltóireachta agus eolaíochta 2023 agus maoiníodh iad le haghaidh deontais don taighde san eolaíocht. Rinne mic léinn ó Choláiste Pobail N. Pól agus ó Ghairmcholáiste Bhun Clóidí taighde mar ullmhúchán don chomórtas BT Eolaí Óg.<br><br>Foilsíodh Dialann Eolaíochta i mBealtaine 2023.<br>Leanadh le modúil bhithéagsúlachta a chur amach agus a chur chun cinn. |
| 1.1.33 | Cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta | Comhordaitheoir agus duine tacaíochta REALT in áit - R1 2023. |
| 1.1.36 | Deiseanna a fhorbairt do mhic léinn/fhoghlaimeoirí trí chomórtais agus imeachtaí, chun cur leis an smaoineamh atá ann pobail comhtháicteach a thógáil i WWETB. | Thacaigh WWETB le rannpháirteachas foghlaimeoirí in imeachtaí náisiúnta ar nós Worldskills Ireland, Seó Bóthair Fostóirí, Roghanna Níos Airde, Fóraim Foghlaimeoirí Aontas agus Dámhachtainí Réalta Aontas.<br>Thachaigh WWETB le daltaí páirt a ghlacadh in imeachtaí naisiúnta ar nós Junk Kouture, Scileanna Domhanda, Eolaithe Óga, Scoileanna Cruthaitheacha.<br>Cuireadh tús le cleachtaí le haghaidh 'In Harmony' san Fhómhair in 2023 a cuireadh ar siúl i mí Feabhra 2024. Bhí baint ag 250 mac léin ó 12 coláiste iarbhunscoile.<br>Reáchtáladh comórtas Cluichí Corr WWETB in Aibreán 2023 dírithe ar dhaltaí i |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| | | scoileanna iarbhunscoile nach n-imríonn cluichí foirne de ghnáth. |

## 1.2 Tosaíocht Straitéiseach: Cáilíocht sa Mhúinteoireacht agus san Fhoghlaim

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 1.2.1 | Díriú ar rochtain agus straitéisí a neadú, a laghdaíonn bacainní ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint agus comhionannas deiseanna a chinntiú. | Bhunaigh WWETB Aonad Tacaíochta Foghlaimeoirí nua um Comhionnanas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht laistigh den Bhreisoideachas in 2023 chun tacaíochtaí seasta a fhorbairt agus a chomhordú do gach foghlaimeoir ar aon dul le Creat Tacaíochta SOLAS do Mhic Léinn. Fuair an Fhoireann Ceannaireachta agus na Comhordaitheoirí tacaíocht ón Oifigeach Rochtana agus Ionchuimsitheachta agus ón gComhordaitheoir um Thacaíocht d'Fhoghlaimeoirí maidir le tacaíochtaí a sheachadadh d'fhoghlaimeoirí sa Bhreisoideachas agus Oiliúint. Bhain WWETB triail as seirbhís chomhairleoireachta d'fhoghlaimeoirí in éineacht le Spectrum Life le haghaidh foghlaimeoirí Ógtheagmhála.<br><br>Ghlac 10 scoil iarbhunscoile páirt sa dara chuid den Léarscáiliú Soláthair a reáchtáladh ó Mheán Fómhair 2023. Bhí baint ag 2 scoil sa tionscnamh píolótach agus tá siad fós ag déanamh athbhreithnithe agus measúnaithe ar an soláthar a chuireann siad ar fáil. Tacaíonn sé seo le scoileanna cuir chuige córasacha, bunaithe ar shonraí agus comhoibritheacha maidir le freastail ar riachtanais éagsúla mic léinn. Ina theannta sin, cuirtear comhordaitheoirí SEN faoi oiliúint maidir le huirlisí inrochtaineachta aag an bhFoireann um Fhoghlaim Dhigiteach. Cuireadh eolas ar fáil freisin do socileanna ar straitéisí múinteoireachta agus tacaíochtaí do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise. Teimpléid forbartha ag an Dr |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| | | Johanna Fitzgerald don Phlean Tacaíochta Mic Léinn.<br>Tacaíocht agus oiliúint ar scagthástálacha idir phiaraí tugtha laistigh den fhoireann SENCO. |
| 1.2.3 | Struchtúr a fhorbairt chun tacú le hanailís ar thorthaí acadúla ar fud scoileanna ar fud WWETB. | Tús curtha le hobair thosaigh ar phróisis pleanála ábhar in 2023. |
| 1.2.4 | Polasaí institiúideach a fhorbairt i dtaca le Foghlaim Chumaisc i gcláir Bhreisoideachais agus Oiliúna WWETB. | Lean WWETB ag baint úsáide as an bpolasaí oibre a bhí i bhfeidhm le linn na héigeandála in 2023. |
| 1.2.5 | Modhanna múinteoireachta, foghlama, treorach a leabú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama chumaisc | Bunaíodh líonra múinteoireacht, foghlama agus measúnaithe don bhreisoideachas agus oiliúint in 2023 agus tionóladh sé chruinniú.<br><br>Teagmháil leanúnach le 11 iar-bhunscoil atá ag baint úsáide as na Prionsabail Magenta.<br><br>Pobail Chleachtais ag feidhmiú go héifeachtach sna réimsí Treoir, SEN, Ealaín, Eacnamaíocht Bhaile agus Ceol. |
| 1.2.6 | Cur le líon na mban ag glacadh páirte sna cláir oiliúna agus printíseachta ar fud WWETB. | Lean WWETB leis an gclár scoláireachta do phrintísigh bhaineann agus bronnadh 3 scoláireacht in 2023. |
| 1.2.7 | Polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le hionracas acadúil i ngach clár. | Lean WWETB leis an gclár scoláireachta do phrintísigh bhaineann agus bronnadh 3 scoláireacht in 2023.<br>Tá Lámhleabhar Nósanna Imeachta Measúnaithe i bhfeidhm don Mheasúnú Míchleachtais. |
| 1.2.8 | Struchtúr láidir a fhorbairt don teagmháil le fostóirí maidir le taithí oibre agus socrúcháin oibre, lena n-áirítear socrúcháin oibre seasta agus athbhreithniú . Cinnte a dhéanamh de go gcuirtear an polasaí taithí oibre i bhfeidhm go seasta ar fud gach Coláiste agus Ionad. | Polasaí Taithí Oibre i bhfeidhm agus athbhreithniú agus monatóireacht leanúnach ar siúl. |
| 1.2.9 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gciste breisoideachais agus oiliúna a chur i bhfeidhm do dhaltaí/fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas chun a chinntiú go | Bhunaigh WWETB Oifigeach Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta mar aon le hAonad Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí in 2023 chun tacaíochta foghlama seasta a |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| | bhfuil sé a spriocanna á mbaint amach aige. | fhorbairt agus a chomhordú do gach foghlaimeoir ar aon dul le Creat Tacaíochta SOLAS do Mhic Léinn. Lean an tOifigeach Rochtana agus Ionchuimshitheachta leis an gciste a chur i bhfeidhm do dhaltaí/fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas le linn 2023. |

**1.3 Tosaíocht Straitéiseach: Earcú agus Ionduchtú**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 1.3.1 | Nósanna imeachta agus doiciméadú a chaighdeánú ar aon dul leis an dea-chleachtais san earnáil phoiblí. | Athbhreithniú ar phríomhdhoiciméid earcaíochta; teimpléid fógraíochta, cur síos ar phoist, pacáistí agallaimh, foirmeacha iarratais srl. chun a chinntiú go bhfuil gach rud ar fáil trí Ghaeilge freisin. |
| 1.3.4 | Cinnte a dhéanamh de, tríd an bpróiseas earcaíochta, go bhfuil acmhainn agus solúbthacht ag an bhfoireann tascanna a dhéanamh in áit oibre nuaaimseartha (e.g. scileanna TF, tras-scileanna) agus go bhfuil meas ag an bhfoireann nua-earcaithe ar luachanna WWETB ar féidir a léamh sa Ráiteas Straitéise. | Agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí i bhfeidhm. Oilliúint maidir leis seo tugtha do gach ball ar phainéil agallaimh. |
| 1.3.5 | An painéal d'agallóirí a leathnú chun a chinntiú go bhfuil réimse leathan saineolais ann. Oiliúint agallaimh le bheith i bhfeidhm don fhoireann atá ar phainéil agallaimh – oiliúint bunaithe ar inniúlachtaí san áireamh mar aon le hoiliúint ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, claontacht neamh-chomhfhiosach agus oiliúint ar rochtain. | Oiliúint chun agallaimh a rith bunaithe ar inniúlachtaí tugtha do gach ball ar phainéil agallaimh. |

**1.4 Tosaíocht Straitéiseach: Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 1.4.2 | An tsamhail um Pobail Chleachtais atá ar bun ar fud na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh chun feabhas a chur ar chleachtas comhoibríoch, lena n-áirítear chun líonraí tacúla a | Teagmháil le 11 scoil a bhfuil an clár Prionsabail Magenta i bhfeidhm acu. Pobail Chleachtais ag feidhmiú mar is cóir. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| | bhunú ar fud seirbhísí teagaisc agus riaracháin. | |
| 1.4.5 | Cur leis an gcaidreamh atá ann cheana féin le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chun tacú le forbairt ghairmiúil agus bogadh i dtreo oideachais threasaigh chomhaontaithe. | Shínigh WWETB agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt comhaontú ar dhul chun cinn i nDeireadh Fómhair 2023 chun feabhas a chur ar bhealaí ón mbreisoideachas isteach san Ardoideachas.<br>D'oibrigh WWETB le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ar roinnt tionscnamh comhoibritheacha in 2023. An chéad cheann ná siompóisiam ar ' Aistriú ón mBreisoideachas go dtí an tArdoideachas' i gcampas Loch Garman. D'fhorbraigh WWETB tionscnamah 'Mo Ghuth, Mo Rogha'. Ghlac 12 foghlaimeoir páirt i gcláir leibhéal 1 agus 2 QQI sa TF. Ba iad teagascóirí ó WWETB a sholáthraigh an cúrsa arChampas Phort Láirge de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. Ina dhiaidh sin, ainmníodh an tionscnamh seo le haghaidh Dámhachtain Réalta Aontas. Ghlac baill foirne de chuid WWETB páirt freisin sa tSraith de Mháistir-ranganna ar Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht le hOllscoil Teic. An Oirdheiscirt. |
| 1.4.7 | Clár Ceannaireachtaí Scoile le cur i bhfeidhm i ngach Scoil agus Coláiste. | In 2023 leathnaíodh amach an Clár Ceannaireachta do Bhainisteoirí Sinsearacha Scoile chun go n-áireofaí ceannairí ag an leibhéal níos ísle. Ghlac siad páirt i seimineár aon lae agus spreagadh iad chun go ndéanfaidís a machnamh ar an ról atá acu mar cheannaire scoile agus ar na riachtanais forbartha gairmiúla atá riachtanach don ról sin. Bhí na ceannairí sinsearacha i láthair ar feadh 2 lá le linn 2023 – lá amháin san earrach agus an dara lá i mí Lúnasa. Go ginearálta, bhí an t-aiseolas ó rannphháirtithe an-dearfach. |

# Sprioc Straitéiseach 2
# Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí

Táimid ag forbairt saoráidí agus timpeallachtaí foghlama as a mbeidh bród ag an bhfoireann agus ag na mic léinn.

**2.1 Tosaíocht Straitéiseach: Saoráidí**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 2.1.1 | Scoileanna agus ionaid atá beartaithe a sholáthar trí chaidreamh réamhghníomhach leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le tionscadail bhonneagair cheadaithe. Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta sa Bhreisoideachas agus Oiliúint: Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i mBaile Loch Garman (an Muileann Bán), Ionad Oiliúna Phort Láirge (tionscadal Techniform), Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i gCathair Phort Láirge/saoráid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i Sráid an Choláiste, Ionad na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta/an Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh in Inis Córthaidh, an tIonad Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór agus Ionad na Saotharlainne Déantúsaíochta i Lios Mór, Port Láirge.<br><br>Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta i scoileanna: Scoil nua 1,000 dalta do Choláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge; Síneadh mór agus athchumraíocht mhór Choláiste Pobail Naomh Pól, Cathair Phort Láirge, chun freastal ar 1,000 dalta; Síntí le Coláiste Dhún Garbhán agus le Meánscoil San Nioclás, an Rinn, Port Láirge; Campas Oideachais Bhaile Loch Garman, lena n-áirítear scoil athsholáthair 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire; Síntí móra le hiar-bhunscoileanna chun freastal ar rollú méadaithe i gColáiste | I nDeireadh Fómhair 2023, d'oscail an tAire Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman go hoifigiúil. Is saoráid den scoth í an Coláiste seo ina mbeidh deiseanna iontacha breisoideachais agus oiliúna d'fhoghlaimeoirí i Loch Garman. Soláthrófar áit d'os cionn 300 foghlaimeoir. Úsáidfear an tsaoráid chun raon leathan de chláir a sheachadadh ó phrintíseachtaí leictreacha go dtí cúrsaí iar-ardteistiméireachta san fháiltiú agus cúram do chustaiméirí chomh maith le cúrsa BTEI i gcúram sláinte. Is Coláiste 52,000 troigh chearnach i lár bhaile Loch Garman. Is léiriú sármhaith é den tsamhail atá ann do choláistí an todhchaí mar atá leagtha amach sa Bhreisoideachas agus Oiliúint an Todhchaí de chuid SOLAS: Straitéis Foghlama a Athrú ó Bhonn.<br><br>Cuireadh go mór leis an síneadh 52,000 tr. ch. San Ionad Oiliúna i bPort Láirge in 2023 agus osclófar go hoifigiúil é i mBealtaine 2024. Cuirfidh an síneadh seo ceardlanna printíseachtaí breise ar fáil a chuirfidh ar chumas WWETB an soláthar printíseachta a leathnú amach go dtí os cionn 1,000 printíseachtaí céim 2 go bliantúil.<br><br>Chuir WWETB leis an soláthar Saotharlann Déantúsaíochta nuair a osclaíodh Ionad Saotharlann Déantúsaíochta i Lios Mór, Co. Phort Láirge. Soláthraíonn an tionscnamh náisiúnta beag seo ceardlann ar scála beag inar féidir nithe (pearsanta) a |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| | Bhaile an Droichid, i nGairmcholáiste Bhun Clóidí agus i gColáiste an Átha, Cill Mhucraise, Loch Garman; Síneadh le Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach chun freastal ar rolluithe méadaithe. | chruthú go digiteach agus beidh ar chumas foghlaimeoirí 'beagnach gach rud' a dhéanamh.<br><br>Tríd an méadú seo ar an Saotharlann Déantúsaíochta go dtí Port Láirge Thiar, beidh ar chumas daoine gléasanna cliste a chruthú dóibh féin. Is féidir na gléasanna seo a chur in oiriúint do riachtanais phearsanta nó áitiúla ar bhealaí nach mbeadh praiticiúil ná tíosach leis an olltáirgeadh. |
| 2.1.2 | An straitéis SOLAS a chur i bhfeidhm – Coláistí an Todhchaí i gcláir Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt i Loch Garman agus i bPort Láirge. | I nDeireadh Fómhair 2023, d'oscail an tAire Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman go hoifigiúil. Anois soláthraíonn an Coláiste cláir pháiraimseartha ó réimse éagsúla faoin aon díon amháin, lena n-áirítear Printíseachtaí, an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, Gairmoideachas agus Roghanna Oiliúna, Litearthacht d'Aosaigh, cúrsaí iar-ArdT agus Oideachas Pobail. |
| 2.1.3 | An fhoireann foirgneamh laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna a bhreisiú chun róil ghairmiúla amhail Suirbhéir Cainníochta cáilithe agus ailtire cáilithe a chur ar áireamh chun tacú leis an lucht bainistíochta leis an bpunann clár foirgneamh ar fud Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus Scoileanna. | In Aibreán 2023 líonadh an ról Bainisteoir Tionscadal Foirgneamh sa Bhreisoideachas agus Oiliúint. |
| 2.1.8 | Iniúchadh a dhéanamh ar rochtain mhíchumais i gcláistí agus in ionaid chun plean a fhorbairt le haghaidh oibreacha leasúcháin agus maoiniú a lorg don uasghrádú a dhéantar. | Rionnt tionscadal bainte amach in 2023 chun dul i ngleic leis seo, go háirithe in Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire. |
| 2.1.15 | Pointí luchtaithe le haghaidh gach Coláiste, ionad agus oifig. | Suiteáladh pointí luchtaithe ag Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman |

**2.2 Tosaíocht Straitéiseach: Clár Oibre Glasb**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 2.2.2 | OIbreofar ar thionscadail Pathfinder de chuid SEAI chun réitigh inbhuanaithe agus iompar atá tíoscach ar | Roghnaíodh Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, faoin tionscadal Pathfinder de chuid SEAI chun aisfheistiú domhain a |

| | | |
|---|---|---|
| | fhuinneamh a sholáthar, lean n-áirítear Grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu, agus teaschaidéil a shuiteáil. | dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana féin. D'éirigh leis an iarratas a rinne WWETB le haghaidh 4 iar-bhunscoil i gCo. Phort Láirge faoin gcéad chéim de Chlár Fótavoltach na Roinne Oideachais, a fógraíodh i mí na Samhna 2023. |

# Sprioc Straitéiseach 3
# Cumarsáid agus Margaíocht

Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt don eagraíocht ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá aici soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san Oirdheisceart.

**3.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 3.1.2 | Stór inneachair, grianghrafadóireachta agus scéalta a fhorbairt lena úsáid ar fud na heagraíochta. | Stór grianghrafadóireachta forbartha. |
| 3.1.4 | Déanfar forbairt ar chúrsa/chlár breisoideachais agus oiliúna chun iad a chur chun cinn, ar aon dul le spriocanna | Úasdátú déanta ar threoirlínte maidir leis an mbranda a úsáid agus é sin curtha in iúl do bhainisteoirí. |
| 3.1.5 | Seolfar suíomh gréasáin nua do WWETB. Beidh sé soiléir cé leis a mbaineann an t-inneachar agus déanfar optamú ar innill cuardaigh | Suíomh gréasáin nua seolta do WWETB. |
| 3.1.8 | Buiséad feachtas a chomhaontú agus acmhainní a chur ar fáil dó – riachtanais bhuiséid a chomhaontú ar bhonn na bpríomhghnéithe atá ar áireamh sa straitéis, agus fás céimnithe buiséid a bhunú le haghaidh feachtas. | Feachtas ar siúl maidir leis an gColáiste nua a oscailt - Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman – lena n-áirítear comharthaíocht sheachtrach nua, cláir fógraí agus íomhanna WWETB ar mhórchláir fógraíochta. |

# Sprioc Straitéiseach 4
# Sláinte agus Folláine

Ba mhaith lenár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúrann éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Chun pobal den sórt sin a chruthú, is gá comhbhá agus éirim mhothúchánach a bheith leabaithe isteach inár n-eagraíocht. Is eol dúinn freisin go gcabhraíonn dea-shláinte agus dea-fholláine foirne go mór leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

### 4.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchloch – Cultúr, Córais agus Nósanna Imeachta

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 4.1.1 | Coiste Sláinte agus Folláine a bhunú sa Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus ionadaíocht ann ó Mhic léinn/foghlaimeoirí agus ó bhaill foirne. | Grúpa Stiúrtha Sláinte agus Folláine bunaithe in 2023. |
| 4.1.2 | An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn do gach ball foirne ar bhonn tráthrialta, agus a shoiléiriú go mbíonn an tseirbhís ar fáil dá dteaghlach freisin. | Nuathlitir mhíosúil ón gClár Cúnaimh d'Fhostaithe seolta chuig an bhfoireann go léir ar thopaicí éagsúla Sláinte & Folláine, lena n-áirítear ardú ceime agus sonraí faoi conas teagmháil a dhéanamh leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe don fhoireann go léir agus dá dteaghlaigh. |
| 4.1.10 | Polasaí oibre um obair chumaisc/chianda le cur i bhfeidhm ar fud WWETB. | Polasaí oibre curtha i bhfeidhm don obair chumaisc/chianda ar fud na bhfeidhmeanna riaracháin más féidir. |
| 4.1.11 | Foghlaim agus forbairt ghairmiúil i maoirseacht agus i gceannaireacht a bheith á ngabháil de láimh ag gach bainisteoir. | Chomhoibrigh WWETB leis an gComhlacht chun clár cóitseála agus ceannaireachta a sheachadadh don fhoireann sa bhreisoideachas agus oiliúint. Thosaigh an clár in 2023 le baill foirne i róil ceannaireachta agus comhordaithe. Go dtí seo ghlac beagnach 40 ball foirne páirt sna seisiúin chóitseála. Cuireadh seisiúin ceannaireachta ar fáil freisin sna réimsí a leanas: Conas Déileail le Comhráití Deacra; Scileanna Éascaithe do Bhainisteoirí; Tionchar agus Idirbheartaíochta; Éifeachtúlacht Foirne agus Conas Cóitseáil a dhéanamh do Bhainisteoirí.. |
| 4.1.16 | Féachaint go gníomhach le baill foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil chun tacú leo i réimsí ina bhfuil fás ag teastáil. | Cheannaigh WWETB ceadúnais le haghaidh LinkedIn Learning don fhoireann go léir. Thug baill foirne faoi roinnt cúrsaí, lena n-áirítear An Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim Dhigiteach;, Cleachtadh Maoirseachta; Oiliúint chun Feasacht a chur chun cinn m.l. Míchumas; Cúrsa Disléicse d'Oideachasóirí; Oiliúint teagmhálaí ainmnithe/Ógtheagmháil; Cumhdach Leanaí. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| | | Ina theanna sin, tugadh tacaíocht do 59 ball foirne sa bhreisoideachas agus oiliúint chun páirt a ghlacadh i gcláir bhreise ag an leibhéal fochéime agus iarchéime. Thapaigh baill foirne ó scoileanna deiseanna san Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil agus bhí méadú ar líon na n-iarratas don chiste FFG. |
| 4.1.17 | Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, agus oiliúint a éascú do bhaill foirne. | Tá WWETB tiomanta do Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a bheith curtha chun feidhme. D'fhoilsigh WWETB a thuarascáil um um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí in éineacht le gníomhartha gaolmhara agus thug sé faoi roinnt de na gníomhartha seo in 2023. |
| 4.1.20 | Tacú le baill foirne atá ag druidim le scor trí ghnáthsheimineáir phleanála scoir a eagrú, agus aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú tábhachtach leis an eagraíocht trí shearmanas bliantúil scoir a óstáil do bhaill foirne atá ag dul ar scor. | Seisiúin phleanála scoir a bheith eagraithe agus faisnéis a bheith comhroinnte le baill foirne. Imeacht bliantúil scoir a bheith pleanáilte. Athbhreithniú déanta ar phleanáil scoir. |
| 4.1.23 | Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí treorach a sholáthar do mhic léinn/foghlaimeoirí ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | Comhordaitheoir Oideachais ar an ngrúpa oibre Treorach.<br>Leantar le comhoibriú ar pholasaí agus ar phleanail i measc Phobail Chleachtaí na dTreoirchomhairleoirí.<br>Cuireadh tughta don tseirbhís Treorach d'Aosaigh freastail ar chruinnithe le treoirchomhairleoirí sna scoileanna. |
| 4.1.25 | Obair i gcomhar le Giniúint Ceoil Loch Garman agus le Giniúint Ceoil Phort Láirge chun coláistí, ionaid agus cláir a chumasú gabháil do chlár Ghiniúint Ceoil ar mhaithe lena mic léinn/lena bhfoghlaimeoirí aosacha. | Giniúint Ceoil Loch Garman neadaithe ar fud scoileanna agus ionaid WWETB. |
| 4.1.28 | Díriú ar ár mic léinn/bhfoghlaimeoirí mar chomhpháirtithe – meicníochtaí aiseolais agus comhairliúchán struchtúrtha tras-eagraíochta a fhorbairt. | Bunaíodh an Chomairle d'Fhoghlaimeoirí sa Bhreisoideachas agus Oiliúna in 2023. Reáchtálach an Fóram d'Fhoghlaimeoirí Aontas i mBealtaine 2023. Ghlac 126 foghlaimeoirí páirt i ngrúpaí fócais agus ghlac 72 foghlaimeoir páirt sa suirbhé ar líne.<br>Ainmníodh WWETB le haghaidh dhá Dámhachtain Réalta Aontas in 2023.<br>Aithníonn na dámhachtainí an sárobair san oideachas d'aosaigh agus tugtar an deis aird a |

| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí in 2023** |
|---|---|---|
| | | tharraingt ar an obair seo, agus aitheantas náisiúnta a thabhairt d'fhoghlaimeoirí, don fhoireann agus do chomhlachtaí eagraíochta. |
| 4.1.29 | Cur chuige ar fud na heagraíochta i leith searmanais bhliantúla gradam agus i leith éachtaí mac léinn a aithint. | Forbairt déanta ar Dhamhachtainní Éitis nasctha le Croíluachanna BOOÉ do Scoileanna. |
| 4.1.31 | Clár folláine a fhorbairt ina gcuimseofar sóisialú, aireachas, folláine, tógáil foirne, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, sláinteagus folláine ar an láithreán agus an tsochaí do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar fud gach coláiste agus gach ionaid. Tacú le coláistí agus le hionaid an clár a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil. | 400 uair an chloig de chúrsa folláine curtha chun feidhme go héifeachtach mar chuid den chreat don tSraith Shóisearach. |

# Sprioc Straitéiseach 5: Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Níl de rogha againn ach gníomhú. I rith an ama, teastaíonn ó níos mó agus níos mó daoine a bheith ag obair in áiteanna ina gcuirtear béim ar an timpeallacht.

**5.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha/Struchtúr**

| | Gníomhartha Straitéisecha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 5.1.1 | Struchtúr cuí a fhorbairt le haghaidh chur chun feidhme na straitéise um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht – mar atá, an Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus ionadaíocht ann ó ghrúpa mac léinn/foghlaimeoirí aosacha, ó bhaill foirne agus ó shaineolaithe seachtracha. Coistí Glasa áitiúla a fhorbairt i ngach coláiste, i ngach ionad agus i ngach oifig Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le grúpaí pobail chun tacú leis an gclár oibre straitéiseach. | Grúpaí stiúrtha agus grúpaí oibre bunaithe chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise. |

**5.2 Tosaíochta Straitéiseach: Fuinneamh Inathnuaite**

| | Gníomhartha Straitéisecha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 5.2.4 | Grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu | D'éirigh leis an iarratas a chuir WWETB isteach ar son 4 iar-bhunscoileanna i gCo Phort Láirge faoin gcéad chéim den Chlár Fótavoltach de chuid na Roinne Oideachais a fógraíodh i mí na Samhna 2023. |

**5.3 Tosaíocht Straitéiseach: Éifeachtúlacht Fuinnimh**

| | Gníomhartha Straitéisecha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 5.3.1 | Iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh go rialta. | Rinneadh Iniúchtaí Fuinnimh SI426 i 9 scoil agus úsáidfear mar bhonn iad chun laghdú fuinnimh a chur chun cinn mar thosaíocht sna blianta atá romhainn. |
| 5.3.9 | An Clár *Take* 1 mar aon le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú sa straitéis inbhuanaithe do WWETB agus scoileanna a spreagadh páirt a ghlacadh. | Tuilleadh forbartha déanta ar an gclár *Take* 1 a leabú i scoileanna mar aon le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. |

**5.4 Tosaíocht Straitéiseach: Taisteal**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 5.4.3 | Soláthar a dhéanamh do phointí luchtaithe leictrigh ag gach coláiste, ag gach ionad agus ag gach oifig. | Suiteáladh pointí luchtaithe ag Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman agus áireofar iad sa síneadh don ionad oiliúna nua a osclófar i bPort Láirge in 2024. |

**5.6 Tosaíocht Straitéiseach: Dramhaíl a Laghdú**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 5.6.2 | Fótacóipeáil a úsáid do rudaí atá bunriachtanach amháin (e.g. scrúduithe) – úsáid a bhaint as acmhainní ar líne ar nós Teams chun doiciméid a roinnt. | Laghdú ar an méid fótacóipeála a dhéantar ar fud na gcoláistí go léir. |
| 5.6.5 | Araidí múirín a thabhairt isteach don bhia dramhaíola/fhuinneamh inathnuaite. | Araidí múirín in úsáid i ngach Coláiste. |

**5.7 Tosaíocht Straitéiseach: Geilleagar Ciorclach**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Torthaí in 2023 |
|---|---|---|
| 5.7.3 | Bogfaidh an rannóg Soláthair ar shiúl ón gcostas go dtí an inbhunaitheacht chun luach a thomhas. | Bearta timpeallachta breise curtha ag an rannóg Soláthair ina modheolaíochtaí chun tairiscintí a scóráil agus a mheasúnú, i.e. flít glas, pacáistí ar féidir athchursáil a dhéanamh orthu. |
| 5.7.9 | Plean a fhorbairt chun eolas bunúsach maidir le NZEB chur ar fáil i réimse leathan de chláir agus de chúrsaí. É seo le neadú i gcúrsaí oiliúna agus i modúil iarbhunscoile nuair is féidir. | Ioncorpraíodh an clár NZEB sna cláir phrintíseachta le linn 2023. |

# Sprioc Straitéiseach 6
# Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta /Foghlaim Dhigiteach

Tá gá le straitéis foriomlán TF in éineacht le hathbhreithniú múnla oibríochta, chun an turas a leagan amach le haghaidh claochlú iomlán den TF laistigh de WWETB.

**6.1 Tosaíocht Straitéiseach: Rialachas**

| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí 2023** |
|---|---|---|
| 6.1.2 | Comhsheasmhacht sa tacaíocht TF a chinntiú tríd na polasaithe agus na nósanna imeachta cuí a chur i bhfeidhm. | Ceapach bainisteoir TF i mí an Mhárta 2023. Cuireadh tús le hathbhreithniú agus le huasdhátú córasach ar bheartas TF. |

**6.2 Tosaíocht Straitéiseach: Struchtúr Eagraíochtúil**

| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí 2023** |
|---|---|---|
| 6.2.2 | Bainisteoir nua TF a earcú mar thosaíocht chun bainsitíocht laethúil a dhéanamh ar an bhfoireann TF, ar rioscaí agus ar saincheisteanna criticúla, agus ag an am céanna díriú ar threo straitéiseach na feidhme. | Ceapach bainisteoir TF i mí an Mhárta 2023. |

**6.4 Tosaíocht Straitéiseach: Cumas**

| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí 2023** |
|---|---|---|
| 6.4.3 | Cinnte a dhéanamh de go bhfuil leibhéal bunúsach TF ag an bhfoireann uile trí oiliúint agus forbairt a sholáthar | Oiliúint cibearsláindála tugtha. |
| 6.4.6 | Neamhéifeachtúlachtaí a bhaint trí úsáid a bhaint as CoreHR. Sainneofar ról bainistíochta d'anailísí gnó/sonraí chun an córas CoreHR a bhainistiú. | Anailísí sonraí ag obair ar bhonn sealadach sa Rannóg AD. Bhí an ról seo an-tábhachtach chun tacú leis an aistriú go dtí seirbhísí comhroinnt párolla, agus tá tacaíocht á soláthar aige fós nuair nach bhfuil cumas iomlán tuairiscithe ó CoreHR/RO. |

# Aguisín 1: Acrainmneacha

**BTEI:** An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
**CFSNs:** Líonraí um Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh
**CPD:** Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
**CYPSC**: Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
**DFHERIS:** An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta,
**DCEDIY:** An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
**DOE:** An Roinn Oideachais
**EROC:** Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála
**ESOL**: Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
**FET:** Breisoideachas agus Oiliúint
**FETC:** Ionad Breisoideachais agus Oiliúna
**LCDC:** Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
**NZEB:** Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh
**PLC:** An Iar-Ardteistiméireacht
**PLD:** Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil
**QQI:** Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
**REALT:** Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga
**SEAI:** Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
**SEN:** Riachtanais Speisialta Oideachais
**SENCO:** Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais
**SMT**: Foireann Ardbhainistíochta
**STEM:** Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
**STEAM:** Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic
**VTOS:** An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais

Waterford and Wexford Education and Training Board
Ardcavan Business Park
Ardcavan
Wexford
Y35 P9EA
Phone: 053 9123799

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
Páirc Gnó Ard Chaomháin
Loch Garman
Y35 P9EA
Fón: 053 9123799